Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Comhraiceoir Dóiteáin Páirtaimseartha Ar Áirithíocht

# Seirbhís Dóiteáin Contae Dhún na nGall

# Eolas d'Iarratasóirí

**Feabhra, 2024**

**1. Ginearálta**

Molann Comhairle Contae Dhún na nGall painéil d'iarrthóirí cáilithe a chur le chéile don phost Comhraiceoir Dóiteáin Páirtaimseartha Ar Áirithíocht, óna líonfaidh sí folúntais de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn i ngach Briogáid Dóiteáin Ar Áirithíocht taobh istigh de Chontae Dhún na nGall.

- **Leitir Ceanainn**
- **Bun Cranncha**
- **Carn Domhnach**
- **Bun a Phobail**
- **Srath An Urláir**
- **Baile Dhún Na nGall**
- **Béal Átha Seannaidh**
- **Bun Dobhrain**
- **Na Cealla Beaga**
- **Na Gleannta**
- **An Chlochán Liath**
- **Gaoith Dobhair**
- **An Fál Carrach**
- **Baile Na nGallóglach**
- **Gleann Cholm Chille**

**2. Cáilíochtaí agus Riachtanais don Phost**

**(a) Aois**

Caithfidh iarratasóirí a bheith ar a laghad 18 mbliana d'aois ar an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais.

**(b) Carachtar**

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí. Déanfaidh an Chomhairle aon fhiosrúcháin a mheasann sí is gá chun an coinníoll seo a shásamh.
Roimh a gceapachán, caithfidh iarratasóirí dul faoi phróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus é a chomhlánú go sásúil.

**(c) Oideachas**

(i) Ní mór go mbeadh leibhéal oiriúnach oideachais bainte amach ag iarratasóirí le ligean dóibh an oiliúint chuí a chríochnú mar is ceart agus le dualgais Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht a chomhlíonadh go sásúil.

(ii) Tá an fhostaíocht seo ag brath ar iarratasóirí gach modúl de Chúrsa na nEarcach, Cúrsa Tosaigh Caiteoirí Gaireas Análaithe agus Cúrsa Iompraíocht Dóiteáin Urrainne le haghaidh Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht a chur i gcrích agus pas a fháil iontu uilig taobh istigh den chéad bhliain fostaíochta. Má theipeann ar fhostaí na modúil uilig de na cúrsaí oiliúna seo a chur i gcrích go sásúil tiocfaidh deireadh lena bhfostaíocht mar Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht.

**(d) Sláinte**

(i) Caithfidh gach Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht a bheith saor ó aon mháchail nó aon ghalar a d'fhágfadh neamhoiriúnach é / í chun fanacht i mbun poist, agus a bheith i riocht sláinte a bhéarfadh le fios gur dócha go bhfuil sé ar a gcumas seirbhís rialta éifeachtúil a thabhairt.

(ii) Lena chinntiú go mbíonn Comhraiceoirí Dóiteáin in ann tabhairt faoi na tascanna go sábháilte agus go héifeachtúil a bhíonn orthu a chomhlíonadh, is gá caighdeáin a shonrú, a ba chóir do gach iontrálaí chun na seirbhíse a bhaint amach. Beidh ar iarratasóirí a n-éiríonn leo dul faoi scrúdú sásúil dochtúra, sula gceaptar iad, de réir na gCaighdeán Míochaine i gcomhair Earcaíochta sa tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht, arna chur i gcrích ag Comhairleoir Míochaine Sláinte Cheirde na Seirbhíse Dóiteáin.

(iii) Beidh tástáil radhairc i gceist leis an scrúdú dochtúra. Ní cheadaítear d'iarratasóirí spéaclaí ná lionsaí tadhaill a chaitheamh le linn an scrúdaithe dochtúra i gcomhair earcaigh úra na le linn na Measúnachtaí ar Oiriúnacht.

(iv) I ndiaidh a gceaptha, caithfidh Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht páirt a ghlacadh sa scéim Chúram Sláinte do Bhaill na Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht nuair a iarrann Comhairle Contae Dhún na nGall, an Príomhoifigeach Dóiteáin nó Comhairleoir Míochaine Sláinte Cheirde na Seirbhíse Dóiteáin é sin orthu.

**(e) MEASÚNÚ MÍOCHAINE:**

Cuirfear i gcrích Measúnuithe Míochaine de réir fhorálacha na gCaighdeán Míochaine don Earcaíocht sa tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht 2005. Tá na Caighdeáin Mhíochaine i dtrí cinn de chatagóirí ginearálta: Riachtanais/ Dícháiliú / Dícháiliú a bhféadfaí cóireáil leighis a chur orthu.

***Thiocfadh na sainriochtaí seo a leanas a áireamh ina gcúis le hiarratasóir a dhícháiliú:***

Mura sásaítear an Comhairleoir Míochaine m.l. cumas fisiceach, aclaíocht, éisteacht, radharc (lena n-áirítear aithint dathanna), córais luaile neamhlagaithe srl; Titimeas a bheith ann roimhe; Spleáchas ar alcól nó ar dhrugaí; Broincíteas, asma nó galar scamhóg ainsealach eile a fhágann duine faoi mhíchumas; Galar orgánach den chóras cardashoithíoch, brú fola ina measc; Gach cineál diaibéitis; Fadhbanna meadhráin / cothromaíochta a bheith ann roimhe; Míshocracht mheabhrach a

bheith ann roimhe; Airíonna íochtar an droma a bheith ann roimhe; Mórghortú nó aicíd alt na glúine a bheith ann roimhe; Daille oíche a bheith ann roimhe; Galar ainsealach craicinn, lena n-áirítear deirmitíteas, soiriáis etc.
***D'fhágfadh na riochtaí seo a leanas iarratasóir neamhoiriúnach i gcomhair dualgais oibríochta ach is féidir go bhféadfaí cóireáil leighis a chur orthu:***
Othras gastrach nó dúidéineach; Polladh follasach an dá chluas nó ceann amháin acu, seipsis nó bacainn óitíteas láir nó sróine thromchúiseach; Maidhm sheicne; Féitheoga borrtha; Riocht míshásúil fiacla nó seipsis bhéil a dteastaíonn cóireáil uaithi; Albaimínra, ach amháin má léirítear nach bhfuil ann ach ortastatach bunúsach den ghnathdfheidhmiú duánach; Róthrom nó ró-éadrom – níos mó nó níos lú ná 15% den mheáchan coirp bunaithe ar thháblaí caighdeánaithe don airde agus don mheáchan
Teip ag triail/trialacha nirt.

## 3. Tionacht

(a) Tá an fhostaíocht ar bhonn páirtaimseartha / ar áirithíocht agus is féidir deireadh a chur léi ag am ar bith.

(b) Is é 55 bliain d'aois an aois scoir, nó roimhe sin má fhaightear amach go bhfuil duine neamhábalta de réir míochaine le leanúint ar aghaidh.

(c) Is féidir an aois scoir a ardú go 60 bliain d'aois, mar a leanas:

**55 bliain d'aois go 58 bliain d'aois faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas**:

- Iarratas bliantúil a dhéanamh le haghaidh síneadh
- Teastas bliantúil a fháil ó Chomhairleoir Míochaine Sláinte Cheirde na Seirbhíse Dóiteáin go bhfuil an duine ábalta

**58 bliain d'aois go 60 bliain d'aois – Conradh nua ag teastáil gach bliain ag 58 & 59 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas**:

- Iarratas bliantúil a dhéanamh le haghaidh síneadh
- Teastas bliantúil a fháil ó Chomhairleoir Míochaine Sláinte Cheirde na Seirbhíse Dóiteáin go bhfuil an duine ábalta

(d) Beidh ar gach Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht tréimhse promhaidh a dhéanamh nach lú ná 9 mí a ndéanfar measúnú lena linn ar a n-oiriúnacht chun fanacht i mbun poist sa tSeirbhís Dóiteáin.

## 4. Luach Saothair

(a) Íocfar comhraiceoirí de réir na rátaí cuí íocaíochta faofa as bheith i láthair ar theagmhais, oiliúint agus gníomhaíochtaí um shábháilteacht dóiteáin pobail.

Íocfar an táille áirithíochta agus liúntais shocraithe eile (nuair is infheidhme) ón dáta a thosóidh siad sa phost mar Comhraiceoirí Dóiteáin Ar Áirithíocht (i.e. an dáta a fhaigheann sé/sí glaoire nuair a éiríonn leis/léi an Cúrsa Earcach um Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht a chur i gcrích agus nuair a thagann sé/sí I láthair le haghaidh dualgais ag a b(h)riogáid).

(b) Tá na rátaí íocaíochta náisiúnta i gcomhréir le Ciorclán EL/03 2023.

**Táille Áirithíochta Bhliantúil**

| **Fad na Fostaíochta** | **Táille Áirithíochta Bhliantúil** |
|---|---|
| Ar earcaíocht | €11,769.00 |
| 2-4 bliana | €12,751.00 |
| 5-7 mbliana | €13,963.00 |
| 8+ mbliana | €15,067.00 |

**Rátaí in aghaidh na huaire – Druileanna & Tinte**

| **Druileanna** | **Tinte** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Lá** | | **Oíche** | |
| Ráta/ua | 1ú uair | Uaireanta ina dhiaidh | 1ú uair | Uaireanta ina dhiaidh |
| €47.50 | €47.50 | €23.75 | €95.00 | €47.50 |

Tá an bunphá bunaithe ar tháille áirithíochta bhliantúil, freastal ar theagmhais (íosmhéid 75.0 uair cinnte sa bhliain ag an bhunráta), druileanna (81.5 uair sa bhliain bunaithe ar riachtanais freastail), oiliúint, gníomhaíochtaí sábháilteachta dóiteáin (íosmhéid de 40 uair sa bhliain) agus liúntais shocraithe eile.

Íostuilleamh féideartha bunaithe ar an fhaisnéis thuas:
Comhraiceoir Dóiteáin 0-1 Bliain €18,905.00
Comhraiceoir Dóiteáin 2-4 Bliain €19,887.00
Comhraiceoir Dóiteáin 5-7 Bliain €21,099.00
Comhraiceoir Dóiteáin 8+ Bliain €22,203.00

Íocfar sealbhóirí poist ag an phointe chuí ar an scála tuarastail de réir an Chiorcláin Roinne ábhartha.

Tosóidh iarrthóirí nua ar an phointe is ísle den scála.

(c) Má theipeann ar dhuine freastal ar 85% de na druileanna nó ar 75% de na teagmhais a bhfuil sé / sí in ainm a bheith ag dul chucu i ráithe amháin coinneofar siar 50% den Táille Áirithíochta.

(d) Má theipeann ar dhuine an caighdeán inmhianaithe a bhaint amach an dara ráithe in aon dhá mhí dhéag is é an toradh a bheas air go gcoinneofar siar 100% den Táille Áirithíochta.

(e) Má theipeann ar dhuine in aon dóigh eile cloí leis an chaighdeán is tríd an Nós Imeachta Araíonachta a dhéileálfar leis. Tá sé sin amhlaidh chun cloí leis na caighdeáin / an aontú Náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair.

(f) Faoi láthair is in aghaidh na ceathrún a dhéanfar Comhairle Contae Dhún na nGall na híocaíochtaí agus athrófar é seo i gcomhréir le comhaontaithe náisiúnta.

(g) Beidh gach íocaíocht faoi réir asbhaint ranníocaíochtaí reachtúla amhail ÍMAT agus ÁSPC, srl.

(h) I gcomhair iontrálaithe nua faoin Scéim Aonair um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, a mbeidh éifeacht leis ón 1 Eanáir 2013, is mar seo a leanas a bheas ranníocaíochtaí aoisliúntais:
- 3.5% den luach saothair inphinsin glan agus
- 3% den luach saothair inphinsin

Tá cnapshuim an phinsin agus an scoir bunaithe ar mheánphá gairmréime. Déanfar pinsin a chomhordú leis an Phinsean Stáit (Ranníocach).

Le go mbeidh iontrálaí nua incháilithe sa scéim le haghaidh pinsin, caithfidh sé / sí ar a laghad dhá bhliain fostaíochta a bheith aige / aici.

## 5. Dualgais

(a) Beidh ar gach Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht freastal ar theagmhais, druileanna agus oiliúint, srl. ag cibé am agus ar feadh cibé tréimhsí a éilíonn an tÚdarás Dóiteáin nó an Príomhoifigeach Dóiteáin.

(b) Chun críche (a) thuas oibreoidh gach Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht de réir na socruithe ar an uainchlár atá in ait, nó faoi mar a shocróidh an tÚdarás Dóiteáin, nó an Príomhoifigeach Dóiteáin ó am go chéile.

(c) Bíonn ar gach Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht freastal ar chúrsaí oiliúna, a eagraítear ag, nó thar ceann, an Údaráis Dóiteáin.

## 6. Áit Chónaithe agus Áit Oibre

(a) Caithfidh iarratasóirí a bheith ina gcónaí agus ag obair laistigh d'uasfhad 3.0 ciliméadar den stáisiún dóiteáin ar leith. Ní mór don áit chónaithe agus don láthair oibre a bheith inghlactha ag an Phríomh-Oifigeach Dóiteáin.

(b) Sa chás go mbíonn áit oibre dinimiciúil nó i gcónaí ag athrú, ba chóir an obair a theorannú go mbeadh sí faoi fhad 3.0 ciliméadar den stáisiún dóiteáin ar leith.

(c) Má tharlaíonn aon athrú san áit chónaithe nó san áit oibre a chuireann an Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht ag fad níos mó na atá ceadaithe, nó chuig ionad nach bhfuil aon ghlacadh ag an Phríomhoifigeach Dóiteáin leis, cuirfear deireadh leis an tréimhse fostaíochta.

(d) Is gá athruithe san áit chónaithe nó san áit oibre a chur in iúl i scríbhinn chuig an Phríomhoifigeach Dóiteáin. Má theipeann ar oibrí é sin a dhéanamh seans go dtiocfaidh deireadh lena fhostaíocht dá bharr.

## 7. Coinníollacha Eile

(a) Caithfidh Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht gléas foláirimh cuí na seirbhíse dóiteáin a bheith leis ina sheilbh an t-am ar fad agus é ar dualgas.

(b) Beidh ar Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht teacht go dtí a chuid oibre chuig an Stáisiún Dóiteáin ar a shuíomh reatha nó sa chás go n-athlonnaítear é, chuig a leithéid sin de shuíomh nua faoi mar a chinnfidh an tÚdarás Dóiteáin. Ní íocfar aon airgead corraíola ná aon chúiteamh eile de bharr athruithe i suíomh Stáisiún Dóiteáin

(c) Maidir le Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht, lena n-áirítear na daoine féinfhosaithe agus dífhostaithe má ghlacann siad post, caithfear ***Litir Scaoileadh Saor*** **(faoi mar atá sa Foirm Iarratais in Aguisín I) a sheoladh isteach** óna bhfostóir á lua go scaoilfidh a bhfostóir saor iad chun freastal ar theagmhais agus ar oiliúint na briogáide dóiteáin. Nuair a athraíonn Comhraiceoir Dóiteáin a phost ní mór dó litir nua scaoileadh saor a chur isteach chuig an Roinn Acmhainní Daonna, Comhairle Contae Dhún na nGall. Má theipeann ar oibrí é sin a dhéanamh seans go dtiocfaidh deireadh lena fhostaíocht dá bharr.

(d) Ní mór do gach fostaí cloí le gach comhaontú Náisiúnta nó Áitiúil a d’fhéadfadh a bheith i bhfeidhm ó am go ham.

(e) Ní mór do gach fostaí úsáid a bhaint as aon teicneolaíocht nua a d’fhéadfadh an tÚdarás Dóiteáin nó an Príomhoifigeach Dóiteáin a thabhairt isteach agus comhoibriú lena úsáid.

(f) Ní mór do gach fostaí Ceadúnas Tiomána Aicme B iomlán a bheith acu, gan a bheith dícháilithe ó thiomáint ag Cúirt agus gan a bheith faoi réir aon mholtaí ó chleachtóir Míochaine ar Chlár Chomhairle Dhochtúirí Leighis na hÉireann (Speisialta nó Ginearálta) maidir le ceadúnas srianta, ag an dáta is moille chun iarratais a fháil don chomórtas.

(g) Mar chuid de do ról sa tSeirbhis Dóiteáin ar Áirithíocht, caithfidh ar Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht Ceadúnas Tiomána Aicme C a fháil, mar a iarrtar ag an Phríomh-Oifigeach Dóiteáin.

## 8. An Próiseas Earcaíochta

### 8.1 Cur Isteach Foirmeacha Iarratais

(a) Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ar an fhoirm iarratais atá leagtha síos.
(b) Tá na sonraí maidir le hiarratais a sheoladh isteach le fáil ar an fhoirm féin.
(c) Ní chuirfear iarratais mhalla san áireamh.

### 8.2 Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

### 8.3 Riachtanais Faid

Déanfar an fad idir áit chónaithe agus áit oibre an iarratasóra agus an Stáisiún Dóiteáin a thomhas go neamhspleách. Ní iarrfar chun measúnachtaí ar oiriúnacht aon iarratasóir a chónaíonn / a oibríonn lasmuigh den uasfhad inghlactha, faoi réir Rannóg 6 (a-d) thuas, ón stáisiún dóiteáin.

Áirítear roinnt ceirdeanna neamh-chomhoiriúnach don ról mar Chomhraiceoir Dóiteáin Áirithíochta, agus dá bharr sin ní bheidh iarratasóir incháilithe le dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile.  Aon cheird ar dócha go dtógfaidh sé iarratasóir

taobh amuigh den uasfhad inghlactha nó a chuirfidh teorainn ar chumas na n-iarratasóirí freastal ar aon oiliúint nó ar theagmhais, fágfaidh siad iarratasóir neamh-incháilithe le dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den phróiseas earcaíochta.

### 8.4 Measúnachtaí ar Oiriúnacht

Caithfidh iarratasóirí a chomhlíonann na critéir le bheith san áireamh don phost mar Chomhraiceoir Dóiteáin Áirithíochta tabhairt faoi roinnt measúnachtaí ar oiriúnacht. Sna trialacha seo déanfar measúnú ar oiriúnacht na n-iarratasóirí faoi shé ceannteidil:

- (i) Measúnú Fisiciúil 1(Duine gortaithe a tharraingt)
- (ii) Measúnú Fisiciúil 2 (Spás Cúng)
- (iii) Measúnú Fisiciúil 3 (Iompar Trealaimh)
- (iv) Measúnú Clástrafóibe (Gaireas Análaithe agus Spás Cúng)
- (v) Measúnú Acrafóibe (Dreapadh Dréimire agus Ag obair ar Airde)
- (vi) Measúnú Litearthacht (Réasúnaíocht Uimhriúil, Léitheoireacht agus Éisteacht)

Roimh fhreastal ar na measúnachtaí ar oiriúnacht, iarrtar ar iarratasóirí ***Ceistneoir Scagthástáil Chairdiach*** a líonadh amach agus é a bheith sínithe agus stampáilte ag an DG s’acu féin, lena chinntiú go bhfuil ar a gcumas tabhairt faoi na Measúnachtaí ar Oiriúnacht.

Sa bhreis air seo, iarrtar ar iarratasóirí foirm féindearbhaithe a líonadh isteach, lena stádas reatha maidir le COVID-19 a chur in iúl.

Ní cheadófar d’iarratasóirí spéaclaí ná lionsaí tadhaill a chaitheamh le linn cuid ar bith de na Measúnachtaí ar Oiriúnacht. Caithfidh iarratasóirí a bheith muiníneach go bhfuil ar a gcumas tabhairt faoi na Measúnachtaí ar Oiriúnacht go sábháilte. Má theipeann ar iarratasóir ceann ar bith de na Measúnachtaí ar Oiriúnacht a chur i gcrích mar is ceart ní bheidh siad i dteideal dul ar aghaidh chuig an agallamh.

### 8.5 Agallamh

Iarrfar chun agallaimh na hiarratasóirí a n-éiríonn leo na Measúnachtaí ar Oiriúnacht a chur díobh go sásúil.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus ar chaighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**8.6 Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

Tá iarratasóirí don phost mar Chomhraiceoir Dóiteáin Áirithíochta faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (Féach Aguisín II den Fhoirm Iarratais – Foirm NVB1).

Bíonn Comhraiceoirí Dóiteáin Áirithíochta, nuair a dhéantar iad a cheapadh, faoi réir gnáth-Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

**8.7 Eile**

Tá ceapacháin ar an Chomhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí agus cáilíochtaí.

**8.8 Ceart ar Fhaisnéis agus ar Athbhreithniú**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**8.9 Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**8.10 An Chanbhasáil ina Cúis Dícháilithe**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**8.11 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat
an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: [www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie)